An tOmbudsman Pinsean
**Pensions** Ombudsman

# Oifig an Ombudsman Pinsean

# Tuarascáil Bhliantúil 2014

## Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| Brollach | | Leathanach 2 |
| Cuid 1 – | Réamhrá | Leathanaigh 3-7 |
| Cuid 2 – | Achoimre ar an Líon Cás agus Staitisticí | Leathanaigh 8-12 |
| Cuid 3 – | Samplaí de na Cásanna ar déileáladh leo in 2014 | Leathanaigh 13-18 |
| Cuid 4 – Cuntais Airgeadais do 2014 | | Leathanach19, ar aghaidh |

Joan Burton, Uasal,
Tánaiste agus an tAire Coimirce Sóisialaí,
Áras Mhic Dhiarmada,
Sráid an Stórais, Baile Átha Cliath 1.

An tOmbudsmanPinsean
PensionsOmbudsman

Chuig an Aire Coimirce Sóisialaí

A Aire, 26 Meitheamh 2015

Tá mé sásta an Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais don bhliain 2014 a chur i do láthair. Ina dhéanamh sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leat féin go pearsanta as an tacaíocht leanúnach a tugadh d'Oifig an Ombudsman Pinsean.

Ba bhliain dhúshlánach a bhí in 2014 don Oifig mar gur chailleamar ceathrar comhalta foirne eile gan aon ionadaí a fháil. Bhí tionchar ollmhór aige seo ar an bhfórsa saothair beag atá againn, ar mhaith liom a dtiomantas, a gcuid oibre crua agus a n-athléimneacht a aithint agus a mholadh go foirmiúil.

Níor tharla cónascadh beartaithe na hOifige seo le hOifig Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais in 2014, cé gur cruthaíodh tuilleadh oibre sa phleanáil, breithniúchán agus réiteach riachtanach chun an cónascadh amach anseo a thacú.

Níl Tuarascáil Bhliantúil 2014 atá á cur i láthair agam duit, chomh casta is a bhí eagráin roimhe seo, mar gheall ar na tosca a luadh thuas, cé go dtugtar forbhreathnú ar obair agus ar thaithí na hOifige agus na costais lena mbaineann.

Tá sampla de chásanna a láimhseálamar i rith 2014 san áireamh sa Tuarascáil seo. Tá súil agam go mbeidh siad seo ina chúnamh dóibh siúd atá bainteach i riaradh scéime pinsin agus láimhseáil gearáin mar aon le do ghearánaithe féideartha agus dá gcomhairleoirí.

Ó bunaíodh an Oifig seo, d'oibrigh m'fhoireann agus mé féin go díograiseach le cuidiú leis an bpobal lena ngearáin agus díospóidí a bhaineann le pinsin. Táimid ar an eolas go bhfuil go leor daoine a dhéanann teagmháil linn ag druidim i dtreo am scoir, am a bhíonn imníoch agus corraitheach dóibh. Déanaimid iarracht i gcónaí déileáil go neamhfhoirmiúil le saincheisteanna gearáin agus leanaimid ag tabhairt níos mó cásanna chun críche trí fhaisnéis agus treoir a chur ar fáil do ghearánaithe ná trí chinntí le ceangal dlí foirmiúla a eisiúint.

Beir beannacht,

Paul Kenny

## CUID 1 – RÉAMHRÁ

Is é an ról atá ag m'Oifig iniúchadh agus breithniú a dhéanamh, ar bhealach neamhspleách agus neamhchlaonta, ar ghearáin a bhaineann le scéimeanna pinsin gairme, Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (PRSAnna) agus Conarthaí Blianachta Scoir Iontaobhais a bhaineann le míriarachán agus caillteanas airgeadais, agus ar dhíospóidí maidir le fíric nó dlí, a bhainfeadh leo.   Tá ról ag m'Oifig chomh maith chun aiseolas a thabhairt do dhéantóirí beartais agus cleachtóirí faoin méid a fhoghlaímid ó ghearáin a chuirtear isteach, ionas gur féidir na hathruithe riachtanacha agus inmhianaithe le reachtaíocht, córais riaracháin agus cleachtais a dhéanamh.

Leag mé amach thíos roinnt de na fadhbanna a tháinig romham in 2014.

### Foirceannadh agus Laghduithe Scéime arna chur i bhfeidhm le hAlt 50

I dtreocht leanúnach, bliain ardphróifíl eile a bhí in 2014 do phinsin – leis na deacrachtaí a bhí ag roinnt scéimeanna pinsin á léiriú sna meáin agus os comhair na gCúirteanna:- Waterford Crystal, Irish Airlines/Aer Lingus, Element 6, Omega-Pharma, gan ach roinnt díobh a lua. Bhí dócmhainneacht scéim sochar sainithe mar bhonn agus taca leis na cásanna ardphróifíle seo ar fad.

Tá fiosrúcháin maidir le foirceannadh scéime agus laghduithe pleanáilte socair faoi fhorálacha Alt 50 d'Acht na bPinsean, 1990 fós á gcur isteach chuig m'Oifig agus cuimsíonn siad ábhair cosúil leis an gcaoi a ríomhtar sochair, nochtadh faisnéise faoi na hathruithe atá á gcur i bhfeidhm, an chaoi a bhféadfaí sochair a aistriú nó a íoc, socruithe páirteacha agus moill sa phróiseas foirceanta.   Go hintuigthe, bíonn an-imní ar bhaill de scéim fadbhunaithe atá le foirceannadh, go háirithe má tá sí i seasamh easnaimh, nó laghduithe sochair a thabhairt isteach faoi Alt 50, go háirithe dóibh siúd is gaire do dhul ar scor.

Léiríodh i roinnt ceisteanna a chuireadh chuig an Oifig nach bhfaigheann baill i gcónaí dóthain faisnéise soiléir agus tráthúil maidir leis an bpróiseas foirceanta, d'ainneoin riachtanais na Rialachán um Nochtadh Faisnéise faoi Acht na bPinsean.   Fiú nuair a chloítear leis na rialacháin, déanann baill gearán go bhfuil cuid dá sochair "siarchoinnithe" ag iontaobhaithe de bharr próiseas foirceanta fada ann ina ndearna iontaobhaithe iarracht feidhmiú chomh réasúnta agus is féidir chun íocaíocht eatramhach a dhéanamh sular féidir an foirceannadh a chur i gcrích.

Is féidir liom a admháil, sna cumarsáidí a eisíonn siad, gur gá d'údaráis na scéime bheith beacht san fhaisnéis a thugann siad agus cloí leis na riachtanais faoi na Rialacháin um Nochtadh Faisnéise.  Ní bhíonn míniúchán intuigthe i gcónaí ar an tionchar a bheidh ag foirceannadh na scéime nó laghdú i sochar na scéime faoi fhoráil Alt 50 ar an mball.

Ró-mhinic, díríonn na cumarsáidí ó riarthóirí ar "céard", agus ní thugtar dóthain faisnéise faoin "cén fáth".

Cuireann go leor daoine a mbuarthaí maidir le cumarsáidí den chineál seo in iúl do m'Oifig. Ba mhaith liom a iarradh orthu siúd a riarann foirceannadh scéime nó a bhfuil laghduithe á bhforfheidhmiú acu faoi fhorálacha Alt 50 féachaint chuig caighdeán a gcumarsáidí le baill, chun an oiread cúnamh agus is féidir leo a chur ar fáil go réasúnach agus lena cheadú do bhaill cinneadh a dhéanamh leis an méid faisnéise agus is féidir sna cúinsí.

## USC a chur i bhfeidhm ar riaráistí pinsin

Réimse a bhfuil imní ar leith faoi is ea Táille Sheirbhísí Uilíoch a chur i bhfeidhm ar riaráistí íocaíochta pinsin. Cuireadh roinnt cásanna faoi bhráid m'Oifige i gcás inar gearríocadh pinsean, ar chúis amháin nó ar chúis eile, – uaireanta thar thréimhse an-fhada. Nuair a aithnítear an fhadhb is cúis leis an ngearríocaíocht, bíonn riaráistí íocaíocht an phinsin dlite. Ar an drochuair, tá creat ar an reachtaíocht a rialaíonn an Táille Sheirbhísí Uilíoch (USC) sa chaoi is go mbíonn an táille seo iníoctha nuair a íoctar an t-airgead. Tá sé seo difriúil ón gcaoi a chaitear le riaráistí chun críocha cáin ioncaim, mar caitheann na Coimisinéirí Ioncaim le híocaíochtaí riaráistí chun críocha cánach amhail a bheith dlite i ndáil leis na blianta ina raibh gearríocaíocht i gceist. Dá réir sin, tá pinsinéirí anois atá i dteideal riaráistí pinsin faoi réir USC – muirear nach raibh ann nuair a bhí cionroinnt shuntasach den íocaíocht dlite.

Cé go bhfuil sé ar eolas gur frámaíodh an reachtaíocht d'aon turas ar an gcaoi seo chun seachaint USC ag daoine a bhí in ann cinneadh a dhéanamh ar dhátaí dlite rudaí cosúil le híocaíochtaí bónais a chosc, tá sé an-mhífhéaráilte go gcuirfí pionós ar phinsinéirí faoi dhó mar gheall ar bhotúin daoine eile. Ní hamháin go raibh orthu glacadh le gearríocaíocht a sochair ar feadh blianta, ach cuirtear pionós arís orthu trí USC a ghearradh orthu i gcás nár cheart é a íoc.

## Pinsin, Scaradh agus Colscaradh

Thar na blianta, tharraing Tuarascálacha Bliantúla na hOifige seo aird ar fhadhbanna maidir le hOrduithe Coigeartaithe Pinsin nuair atá Foraithne Colscartha nó Scartha á lorg faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh. Bhí formhór na bhfadhbanna a dtángamar trasna orthu mar thoradh ar Orduithe nár dréachtaíodh go maith nó Orduithe nár seirbheáladh i gceart.

Ach, tharraing roinnt gearán a rinneadh le déanaí ár n-aird ar feiniméan éagsúil – asláithreacht Orduithe Coigeartaithe Pinsin. Eascraíonn formhór na gcásanna a thagann chugainn sa réimse seo i scéimeanna pinsin chomhlachtaí na hEarnála Poiblí.

Sa tSeirbhís Phoiblí, is iondúil go soláthraíonn an phríomhscéim phinsin sochair ag dáta scoir agus tugtar cnapshuim bháis atá iníoctha i gcás bás le linn seirbhíse. Freastalaíonn scéim ar leith, Scéim do Chéilí agus Leanaí, ar phinsin iníoctha le céilí agus/nó leanaí i gcás go bhfaigheann an ball bás, le linn seirbhíse nó tar éis scoir.

Is "sochair scoir" faoi théarmaí an Achta um an Dlí Teaghlaigh atá i bpinsean an duine aonair, mar aon le haon phinsean eile atá iníoctha tráth bháis tar éis scoir. Sochair "theagmhasacha" iad cnapshuimeanna bhás le linn seirbhíse agus pinsin bhás le linn seirbhíse. Tá orduithe ar leith ag teastáil le freastal ar an dá chineál sochair agus d'fhéadfadh orduithe breise eile a bheith ag teastáil má bhíonn an ball ag déanamh Ranníocaíochtaí Breise Deonacha (AVCanna) chuig scéim ar leith.

Féadfaidh na socruithe do Chéilí agus Leanaí sa tSeirbhís Phoiblí bheith casta agus tá difríochtaí idir forálacha na scéimeanna bunaidh agus na scéimeanna athbhreithnithe. Cuireadh m'Oifig ar an eolas faoi roinnt mhaith cásanna inar cuireadh deis ar fáil do dhaoine aonair bheith páirteach sa Scéim do Chéilí agus Leanaí agus nár thapaigh siad an deis sin. Is é an difríocht chriticiúil idir na scéimeanna bunaidh agus na scéimeanna athbhreithnithe níos nua-aimseartha nach bhfreastalaíonn na scéimeanna bunaidh ar chéile nach raibh pósta leis an mball amhail an dáta scoir. Mar sin, faoi na scéimeanna bunaidh, má théann ball ar scor agus má fhaigheann siad colscaradh agus má phósann siad arís, ní bheith aon tairbhe ann don dara céile. Chomh maith leis sin, mura mbeadh aon Ordú Coigeartaithe Pinsin i bhfabhar an chéile bunaidh tráth an cholscartha, ní bhfaighidh an céile bunaidh aon tairbhe ach oiread. I gcás scartha, is é an céile bunaidh an t-aon tairbhí féideartha, mar nach bhfuil aon fhoráil ann chun na socair seo a atreorú chuig cleithiúnaithe eile. Tá sé ríthábhachtach go mbíonn baill (a) go hiomlán soiléir maidir le forálacha beachta na scéime a bhfuil siad páirteach inti agus (b) go bhfaigheann siad comhairle ó shaineolaí maidir leis an idirghníomhaíocht idir dlí an teaghlaigh agus pinsin sula dtéann sé/sí chun cinn chun foraithne colscartha nó ordú scartha a lorg.

## Rochtain ar roghanna ARF

Tá roinnt gearán faighte againn maidir le diúltú rochtana ar an rogha chun airgead a infheistiú i gCiste Scoir Formheasta (ARF), go háirithe i gcásanna inar tháinig an t-airgead atá le hinfheistiú as Scéim Sochair Sainithe (DB). Chuir na hÚdaráis a n-aghaidh in aghaidh fháltais na Scéimeanna DB a bheith ar fáil lena infheistiú in ARFanna, cé gur féidir le fáltais Scéimeanna Ranníocaíochta Sainithe (DC), agus gach Ranníocaíocht Breise Deonach (AVC) rochtain a fháil ar na socruithe seo.

Glacaim leis go bhfuil a gcúiseanna féin ag déantóirí beartais chun sláine Scéimeanna DB a "chaomhnú". Ach, foirceannadh líon an-mhór de na scéimeanna seo le cúpla bliain anuas agus dá bharr sin ceannaíodh bannaí "ceannaigh thar barr amach", ar a dtugtar Bannaí Scoir Pearsanta.

I gcás gur tháinig an t-airgead atá ag teacht amach as Banna Scoir Pearsanta ó thús as Scéim DB, níl cead ag an úinéir na fáltais a infheistiú in ARF – cé gur socrú DC atá sa Bhanna Scoir Pearsanta féin.

Cuireadh cúiseanna éagsúla chun cinn maidir leis an gcúis nár cheart rochtain ar ARFanna a cheadú. Thagair freagra ar Cheist Pharlaiminte in 2014 do riachtanas bunaidh na gCoimisinéirí Ioncaim ar "chomhfhreagras" idir an scéim óna raibh an íocaíocht aistrithe déanta, agus an banna ina raibh an t-airgead le híoc. Clúdaíonn sé seo an scéal nach raibh sé féideartha le níos mó ná 25 bliain, banna cheannach a dhéanfadh macasamhail de choinníollacha na scéime bunaidh agus is socruithe DC go simplí anois na bannaí sin ar fad, leis na riosca ar fad a bhaineann leis sin don bhall. Go bunúsach, níl an ball i dteideal sochar sainithe níos mó agus ní fheicim an loighic a bhaineann le caitheamh le Bannaí Scoir Pearsanta amhail is dá mba Scéimeanna DB a bhí iontu chun na críche seo.

Is í an fhírinne nár thoiligh baill a mbíonn bannaí ceannaigh thar barr amach acu le bheith san áit ina bhfuil siad. Tá bannaí ceannaithe ag iontaobhaithe a scéimeanna pinsin gairme nuair a foirceannadh na scéimeanna seo. Mar gheall ar bhaic le haistrithe chuig Cuntais Choigiltis Scoir Pearsanta (PRSAnna), nach bhfuil de rogha ag go leor daoine ach banna ceannaigh thar barr amach. Fiú má bhíonn breithnithe beartais bailí agus go mbíonn drogall ar na húdaráis aistrithe díreacha a cheadú ó scéimeanna DB chuig ARFanna dá mbarr, ní fheicim aon chúis mhaith iallach a chur ar shealbhóirí Bhannaí Scoir Pearsanta, ar socruithe DC anois iad feidhmiú amhail go raibh teidlíocht DB acu go fóill. Tá léiriúcháin déanta agam ar an ábhar seo. Bheadh sé iomlán indéanta srian a chur ar rochtain ar ARFanna ag baill a bhí ina mbaill ghníomhacha de scéimeanna DB roimh dhul ar scor, agus, ag an am céanna, rochtain a cheadú dóibh siúd ar sealbhóirí neamhdheonacha iad ar bhanna ceannaigh thar barr amach. Eisceacht eile a dhéanfainn is ea iarchéilí ar thairbhithe d'Orduithe Coigeartaithe Pinsin iad a d'aistrigh chuig bannaí ceannaigh thar barr amach chun "briseadh glan" a dhéanamh le scéimeanna pinsin a n-iarpháirtithe.

## Aistrithe

Tá an deacracht a bhíonn ag daoine sochair a aistriú idir scéimeanna ina saincheist a ardaítear le m'Oifig go fóill. Rinneadh roinnt gearán maidir le haistrithe taobh amuigh den dlínse. Sa chás seo, tagraím d'iarratais aistrithe dhílse, seachas iarratais ar "shaoradh pinsin" a luadh inár dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo. Go háirithe, tá sé tagtha chun cinn go bhfuil sé beagnach dodhéanta sochair a aistriú chuig an Astráil, áit a bhfuil go leor eisimircí Éireannacha ina gcónaí anois. Mar gheall ar shrianta a chuir na Coimisinéirí Ioncaim i bhfeidhm ar chóireáil sochair aistrithe tá sé dodhéanta, i gcleachtas, aon soláthraí a fháil san Astráil le glacadh le cistiú aistrithe ó Éirinn mar nach féidir leo macasamhail a dhéanamh de na srianta seo, faoi dhlí na hAstráile.

Tá deacrachtaí ann do dhaoine chomh maith mar gheall ar shrianta ar aistrithe idir Phinsin Phearsanta (nó Conarthaí Blianachta Scoir (RAC) mar is ceart a thabhairt orthu) agus Scéimeanna Pinsin Gairme agus aistrithe chuig Cuntais Choigiltis Scoir Pearsanta (PRSAnna), mar aon le moill i ndéanamh aistrithe.

## Luachanna Ciste

Táimid fós ag fáil gearán maidir le saincheisteanna infheistíochta a bhaineann le Scéimeanna Ranníocaíochta Sainithe, Scéimeanna Ranníocaíochtaí Breise Deonacha (AVCanna) agus Cuntais Choigiltis Scoir Pearsanta (PRSAnna). Rinne mé trácht cheana maidir leis sin, cé gur gá d'Iontaobhaithe na dualgais a chuireann dlí an iontaobhais agus Acht na bPinsean orthu a chomhlíonadh, tá freagracht ar bhaill na scéime chomh maith i ndáil lena n-infheistíochtaí pinsin. Cé gur féidir leis na baill féachaint chuig na hIontaobhaithe nó comhairleoirí infheistíochta chun treoir a fháil maidir le hinfheistíochtaí pinsin, tá sé de freagracht orthu eolas a chur ar chineál a n-infheistíochtaí pinsin féin agus iad a thuiscint agus chun an dul chun cinn a dhéanann siad a mhonatóiriú. Admhaím go ndearnadh dul chun cinn le roinnt blianta anuas i réimsí rannpháirtíocht ball níos fearr a spreagadh agus cumarsáidí soiléire a chur ar fáil. Bheinn ag súil go bhfeabhsóidh an dul chun cinn seo rannpháirtíocht comhaltaí i scéimeanna pinsin agus an tuiscint a bhíonn acu ar na scéimeanna.

## CUID 2 – Achoimre ar an Líon Cás agus Staitisticí

Fuair m'Oifig 1,323 cás nua i rith 2014.

Cé gur léirigh sé seo laghdú 30% ar fhigiúirí 2013, thug sé ar ais muid chuig an leibhéal níos soláimhsithe de chásanna a cuireadh isteach in 2010. Dá bharr seo bheadh laghdú ar an mbrú a bhí ar an bhfoireann le blianta beaga anuas, murach gur chailleamar ceathrar pearsanra a raibh an-taithí acu i rith 2014. Bhí 6 fholúntas ag an Oifig nach raibh líonta ag deireadh 2014.

Anuas air sin, i rith 2014, bhí sé chás Achomhairc ag an Oifig os comhair na hArd-Chúirte agus caitheadh go leor ama ag réiteach agus ag cosaint na gcásanna Achomhairc sin.

Ní féidir a rá go cinnte cén fáth gur tháinig laghdú ar an líon gearán a cuireadh isteach chuig m'Oifig. Chreidfinn go raibh baint ag an aisghabháil sna margaí infheistíochta agus an feabhas dá réir i luachanna chistí pinsin, mar aon le comhaontuithe socraíochta a rinneadh faoi roinnt de na scéimeanna pinsin níos mó a raibh deacrachtaí acu, cosúil le Scéimeanna Waterford Crystal agus Irish Airlines.

Tá mé den tuairim go bhfuil láimhseáil ghearáin feabhsaithe ó roinnt de na páirtithe freagrach as scéimeanna pinsin a bhainistiú agus tuiscint níos fearr ag baill na scéime ar mhéid mo shainchúraim ina dtosca chomh maith sa laghdú sa líon cásanna a bhíonn ina ngearáin a láimhseálann m'Oifig. Tá teorainn mo shainchúraim agus an mhodheolaíocht a úsáidim chun caillteanas airgeadais agus míriarachán a chinneadh ar eolas anois ag cleachtóirí i réimse an phinsin, ó theagmháil a dhéanamh le m'Oifig, foilseacháin in irisí tionscail, cainteanna a tugadh agus cinntí a rinneadh. Roghnaíonn go leor cleachtóirí le plé a dhéanamh ar shaincheisteanna gearáin féideartha le m'Oifig roimh thabhairt faoin bpróiseas um láimhseáil gearáin – an nós imeachta um Réiteach Díospóide Inmheánach. Déanann baill scéime teagmháil le m'oifig chun breac-chuntas a thabhair ar na deacrachtaí a bhíonn acu agus lena cheistiú an bhfuil an réiteach atá á lorg acu i mo shainchúram. Táimid sásta glacadh leis na ceisteanna seo agus pé treoir is féidir linn a thabhairt do na daoine a chuireann na ceisteanna. Creidim go bhfuil tionchar dearfach ar an gcaoi a dtugann na páirtithe faoi shaincheisteanna pinsin a réiteach mar gheall ar eolas agus tuiscint níos fearr a bheith acu ar an gcaoi a ndéanaim measúnú agus cinneadh ar chás, agus dá bharr sin ní thagann an oiread cásanna chuig m'Oifig.

Ar an drochuair, níl próisis um láimhseáil ghearáin fheabhsaithe le feiceáil i ngach earnáil – agus gearáin á ndéanamh go leanúnach le m'Oifig maidir leis an moill i dtabhairt Cinntí IDR faoi scéimeanna seirbhíse poiblí.

Den 1,323 cás nua a cuireadh isteach in 2014, bunaíodh 281 comhad gearáin mionsonraithe, agus déileáladh leis an gcuid eile agus críochnaíodh ar athbhreithniú iad, laistigh de thréimhse ama gearr.

Thosaíomar 2014 le 222 cás gearáin de láimh againn. I rith 2014, d'athosclaíomar 42 seanchás agus fuaireamar 1,323 cás nua agus b'ionann an líon cásanna iomlána a bhí idir lámha do 2014 agus 1,587. Tar éis 1,439 cás a chur i gcrích i rith 2014, chríochnaíomar an bhliain le 148 cás gearáin de láimh. Léiríonn sé seo laghdú 33% sa líon cásanna de láimh ag deireadh 2014, i gcomparáid le 2013.

Den 1,439 cás seo a críochnaíodh in 2014, ba chásanna gearáin mionsonraithe 397 díobh.

Leagtar amach i bhFíor 2.1 thíos an seasamh i ndáil le gach cás don bhliain 2014.

**Fíor 2.1 – Achoimre ar an Líon Cás in 2014**

| Bliain | Cásanna Nua Faighte | Cásanna Tugtha ar Aghaidh | Cásanna Athoscailte | Líon cás iomlán 2014 | Cásanna Críochnaithe | Cásanna ar láimh ag deireadh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2014 | 1,323 | 222 | 42 | 1,587 | 1,439 | 148 |

## Anailís ar Chásanna Gearáin Mionsonraithe in 2014

Tagraíonn na staitisticí a luaitear sa chuid seo den tuarascáil do chásanna gearáin mionsonraithe arna láimhseáil ag m'Oifig sa bhliain 2014.

Mar a luadh, thosaíomar 2014 le 222 cás gearáin de láimh againn. I rith 2014, d'athosclaíomar 42 seanchás, agus bhunaíomar 281 cás gearáin mionsonraithe nua, chun líon cásanna iomlán 545 a thabhairt dúinn. Tar éis dúinn 397 díobh seo a dhúnadh in 2014, chríochnaíomar an bhliain le 148 cás gearáin mionsonraithe de láimh.

**Fíor 2.2 – Cineál na Saincheisteanna Gearáin**

| Cineál na Saincheisteanna Gearáin | 2013 | 2014 |
|---|---|---|
| Lacáiste/Pinsean Forlíontach | 1 | 0 |
| Ranníocaíochtaí Breise Deonacha | 7 | 6 |
| Ceisteanna faoi ARF/AMRF | 12 | 1 |
| Bannaí ceannaigh thar barr amach | 22 | 1 |
| Ríomh na sochar | 138 | 84 |
| Aisíocaíochtaí ranníocaíochta | 2 | 4 |
| Sochar Sainithe V. Ranníocaíocht Sainithe | 0 | 0 |
| Nochtadh Faisnéise | 19 | 25 |
| Luathscor | 20 | 8 |
| Saincheist um Chaitheamh go Cothrom | 0 | 3 |
| Luachanna Ciste | 21 | 16 |
| Fiosrúchán ginearálta | 31 | 8 |
| Drochshláinte | 17 | 9 |
| Íocaíocht mhícheart / dhéanach / gan aon sochar | 33 | 28 |
| Faisnéis mhícheart a thugann ionchas bréagach | 2 | 1 |
| Coinníollacha ballraíochta/iontrála | 22 | 12 |
| Mídhíol | 3 | 0 |
| Ilghearán | 0 | 0 |
| Saoradh Pinsin | 7 | 2 |
| Orduithe Coigeartuithe Pinsean | 3 | 2 |
| Méaduithe iarscoir | 3 | 1 |
| Caomhnú sochar | 4 | 6 |
| Íocaíocht ranníocaíochtaí | 23 | 11 |
| Sochair chéilí agus chleithiúnaithe | 14 | 11 |
| Aistrithe | 24 | 16 |
| Foirceannadh | 18 | 14 |
| Blianta seirbhíse – costas / creidmheas | 17 | 12 |
| Iomláin | 463 | 281 |


## Fíor 2.3 – Críochnú Gearáin de réir cúise in 2014

| Críochnú de réir Cúise | 2013 | 2014 |
|---|---|---|
| Moladh go raibh gá le IDR | 29 | 1 |
| Achomharc – Seasadh le Cinneadh | 3 | 1 |
| Achomharc – Níor seasadh le Cinneadh | 3 | 1 |
| Ní dheachthas ar aghaidh le gearán | 5 | 5 |
| Forghníomhú déanta | 1 | 1 |
| Níor bhain forghníomhú le OPO | 0 | 1 |
| Cinneadh Deiridh – Níor Seasadh le Gearán | 30 | 1 |
| Cinneadh Deiridh – Seasadh le Gearán | 3 | 1 |
| Níorbh fhéidir imscrúdú a dhéanamh de bharr | 4 | 2 |
| Cás Baic Críochnaithe | 5 | 0 |
| OTOR** | 30 | 1 |
| OTOR – Cuir faoi bhráid | 45 | 23 |
| Tugadh Tuairisc agus Treoir | 33 | 20 |
| Eadráin Rathúil | 7 | 50 |
| Eadráin Neamhrathúil | 8 | 3 |
| **Iomlán** | **655** | **397** |

** OTOR = Taobh amuigh de Théarmaí Tagartha

Mar a rinneamar le roinnt blianta anuas, dúnaimid formhór cásanna gan an gá le cinneadh a bhfuil ceangal dlí aige a eisiúint. Mar a léirítear sa tábla thuas, eisíodh Cinntí Deiridh i níos lú ná 7% de chásanna a chríonaigh m'Oifig in 2014. Ba léir dúinn go rabhamar in ann saincheisteanna gearáin a shoiléiriú, breithniú neamhspleách a thabhairt agus rudaí a chur chun cinn i dtreo réitigh ar bhealach nach raibh chomh hachrannach agus níos tapúla mar gheall gur ghlacamar le headráin níos neamhfhoirmiúla nó cur chuige tuairiscithe/treorach.

## Fíor 2.4 – Achoimre de réir Earnála ar chásanna nua in 2014




**A** Scéim san Earnáil Phoiblí

**B** Scéim san Earnáil Phríobháideach

**C** Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (PRSA)

Faoi mo shainchúram, is féidir liom scrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus ar dhíospóidí a eascraíonn as Scéimeanna Pinsin san Earnáil Phríobháideach agus Phoiblí, cé nach bhfuil an t-údarás agam scrúdú a dhéanamh ar ghearáin ná ar dhíospóidí a bhaineann le Sochair Stáit iníoctha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, a bhfuil a Oifig Achomhairc féin aici.

Sna luathbhlianta d'Oifig an Ombudsman Pinsean, 2003-2005, b'ionann an coibhneas idir gearáin faoi Scéimeanna Pinsin san Earnáil Phríobháideach agus Phoiblí agus timpeall 3:2. Tháinig athrú ar an gcoibhneas seo de bheagán thar am agus in 2014 bhain 66% de na cásanna nua a cuireadh isteach chuig m'Oifig le Scéimeanna san Earl Phríobháideach agus PRSAnna, agus bhain 34% le Scéimeanna san Earnáil Phoiblí.

## Fíor 2.5 – Deighilt Inscne

| Inscne | 2013 | | 2014 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | Céatadán | Líon | Céatadán |
| Níl sé sonraithe | 3 | 1% | 0 | 0% |
| Baineann | 149 | 32% | 106 | 38% |
| Fireann | 311 | 67% | 175 | 62% |
| | 463 | | 281 | |

Ar an gcaoi chéanna, tá athrú tagtha ar an Deighilt Inscne thar na blianta a bhfuil an Oifig seo i bhfeidhm. Inár gcéad bhliain 2003/04, tháinig timpeall 80% de na gearáin a fuaireamar ó fhir agus 20% ó mhná. Is féidir liom a thuairisciú gur tháinig 62% de ghearáin nua in 2014 ó fhir agus 38% ó mhná.

## CUID 3 – Samplaí de na Cásanna ar déileáladh leo in 2014

### Cás 1 – Aisíocaíocht Ranníocaíochtaí Pinsin na Seirbhíse Poiblí

Ag deireadh na 1990idí, thug BSL isteach scéim iomarcaíochta deonaí, a raibh sé mar gné de gur lean fostaithe ag tabhú seirbhíse faoi scéim pinsin BSL go dtí go raibh siad in aois 60 bliain, nuair a ghlac siad le scéim iomarcaíochta. D'oibrigh Vincent le BSL ar feadh na mblianta sular glacadh lena iarratas ar an bpacáiste iomarcaíochta deonaigh.

Tar éis do Vincent BSL a fhágáil, fuair sé fostaíocht sa tseirbhís phoiblí in earnáil an oideachais in 2001. Bhí sé timpeall 50 bliain d'aois agus ceapadh ar bhonn páirtaimseartha é. Tráth an cheapacháin seo, fágadh oibrithe páirtaimseartha sa stát seirbhís ar lár ó bhallraíocht i scéim pinsin na seirbhíse poiblí, mar sin ní raibh Vincent ina bhall den scéim nuair a thosaigh a thréimhse fostaíochta.

In 2004, tar éis athruithe leis an reachtaíocht maidir le hoibrithe páirtaimseartha, cuireadh Vincent go héigeantach isteach i scéim pinsin na seirbhíse poiblí agus siardhátaíodh a bhallraíocht go dtí tús a cheapacháin in 2001.

Cuireann Líonra Aistrithe na Seirbhís Poiblí (PSTN) ar chumas fostaí, a aistríonn ó fhostóir amháin san earnáil phoiblí go dtí ceann eile, roghnú chun an tseirbhís níos luaithe a aistriú agus dá bhrí sin go dtabharfadh an fostóir nua creidmheas pinsin iomlán dóibh. Gné de scéim pinsin na seirbhíse poiblí is ea nach féidir le fostaí seirbhís a fhabhrú le fostóir más féidir leis an bhfostaí seirbhís a aistriú faoin PSTN i ndáil leis an tréimhse chéanna fostaíochta.

Cé go bhfeidhmíonn sé cosúil le gnáthscéim san earnáil phríobháideach, tá scéim pinsin BSL mar bhall den PSTN agus is féidir seirbhís a fhabhraítear faoi scéim BSL a aistriú laistigh den tseirbhís phoiblí agus a chomhiomlánú chun críche sochair a ríomh faoi scéim na seirbhíse poiblí.

Nuair a d'imigh Vincent ar scor óna cheapachán san earnáil oideachais, ní thabharfadh a fhostóir aon sochar dó i ndáil lena sheirbhís sular shroich sé 60 bliain d'aois (timpeall 10 mbliana de sheirbhís pháirtaimseartha) mar go raibh Vincent fós ag fabhrú seirbhís i scéim BSL go dtí go raibh sé in aois 60 agus mar go raibh an tseirbhís BSL a lean sé ag fabhrú inaistrithe chuig scéim na seirbhíse poiblí.

Tar éis na reachtaíochta fostaíochta a thabhairt isteach chun oibrithe páirtaimseartha a chosaint, d'eisigh an Roinn Airgeadais treoirlínte i ndáil le fostaithe páirtaimseartha sa tseirbhís phoiblí a ligean isteach i scéim pinsin na seirbhíse poiblí. Thug na treoirlínte le fios nár chóir fostaí páirtaimseartha a scaoiltear isteach sa scéim pinsin a chur i suíomh airgeadais nach bhfuil chomh fabhrach.

Cuireadh Vincent i suíomh nach raibh chomh fabhrach nuair a ligeadh isteach sa scéim pinsin é mar gheall go raibh air ranníocaíocht a íoc le bheith ina bhall den scéim agus nach bhfaigheadh sé aon sochar dá bharr.

Nuair a tharraing Oifig an Ombudsman Pinsean aird fhostóir Vincent ar threoirlínte na Roinne Airgeadais agus nuair a mhol sí nár leanadh na treoirlínte sa chás seo, d'aisíoc fostóir Vincent na ranníocaíochtaí le scéim pinsin na seirbhíse poiblí.

## Cás 2 – Méadú sa Ráta Pinsin

Tá roinnt bealaí inar féidir sochair ó scéim pinsin a íoc le baill den scéim nuair a théann siad ar scor. Ceann de na roghanna atá ar fáil do riarthóirí na scéimeanna is ea blianacht a cheannach tar ceann bhall na scéime.

Is é is blianacht ann, sraith íocaíochtaí a dhéantar ag eatraimh luaite go dtí go dtarlaíonn imeacht áirithe, bás an duine a fhaigheann an bhlianacht, de ghnáth. Is iondúil go slánaítear í le híocaíocht préimh aonair le cuideachta árachais. Is féidir í a dhearadh go n-íoctar í leis mblianachtóir aonair ar feadh a shaoil, nó d'fhéadfaí leanúint á híoc le cleithiúnach marthana nuair a fhaigheann an blianachtóir bás.

Nuair a cheannaítear blianacht, féadfar foráil a áireamh ann do mhéadú tréimhsiúil i ráta an phinsin. D'fhéadfadh sé gur ráta comhréidh a bheadh sa mhéadú, mar shampla, 2% sa bhliain, nó d'fhéadfaí é a nascadh le hinnéacs, mar shampla, nasc leis an Treoiruimhir Praghsanna do Thomhaltóirí nó leis an ráta bliantúil boilscithe.

Bhí Susan ina ball de scéim pinsin sochair shainithe agus nuair a d'imigh sí ar scor, cheannaigh iontaobhaithe a scéime pinsin an bhlianacht chun a pinsean a sholáthar. Sainíodh i gceann de rialacha scéim Susan gur cheart go n-ardófaí pinsean in íocaíocht go bliantúil de réir an Treoiruimhir Praghsanna do Thomhaltóirí (CPI) agus bhí clásal i mblianacht Susan a d'fhoráil don mhéadú seo.

Ar feadh roinnt blianta, méadaíodh pinsean Susan ag ráta cuí. Ach, in 2009, bhí an CPI diúltach agus níor cuireadh aon mhéadú i bhfeidhm ar phinsean Susan. In 2010, bhí an CPI diúltach chomh maith, agus arís níor cuireadh aon mhéadú i bhfeidhm ar phinsean Susan. Ní raibh aon fhoráil i rialacha na scéimeanna ná sa bhlianacht i gcomhair laghdaithe i gcás go raibh an CPI diúltach.

In 2011, bhí an CPI dearfach arís ach níor thug soláthraí bhlianacht Susan aon mhéadú di. Ba é an míniú a thug soláthraí na blianachta, cé gur mhéadaigh an CPI in 2011, go raibh tionchar carnach na méaduithe ar fad a fuair sí ó thosaigh a pinsean níos mó ná tionchar carnach an mhéadaithe sa CPI thar an tréimhse chéanna.

Nuair a scrúdaíodh an cháipéis bhlianachta, ba léir nach raibh tagairt ar bith inti do rátaí carnacha CPI. Dúradh sa chlásal ina bpléitear le méaduithe gur cheart an pinsean a mhéadú an céatadán a mhéadaigh an CPI sa tréimhse dhá mhí dhéag roimhe sin agus b'ionann forálacha rialacha na scéime i ndáil le méaduithe i bpinsean. Chinn mé go raibh sé míchuí don soláthraí blianachta gan pinsean Susan a mhéadú de réir an athraithe sa CPI agus threoraigh mé an soláthraí chun an méadú sa CPI do 2011 agus na blianta ina dhiaidh sin a chur i bhfeidhm ar phinsean Susan.

## Cás 3 – Neamhláithreacht Ordú Coigeartuithe Pinsean

Scair Mary agus a fear céile agus chuir siad le chéile comhaontú cothabhála roinnt blianta sular imigh sé ar scor ó fhostaíocht sa tseirbhís phoiblí. Tar éis dó dul ar scor, fuair siad colscaradh agus cé go raibh Ordú Cothabhála ag bain leis an bhForaithne Colscartha, níor cuireadh aon Orduithe Coigeartaithe Pinsin i bhfeidhm.

Roinnt blianta ina dhiaidh sin, fuair an fear céile bás agus lorg Mary íocaíocht Phinsean an Chéile a cheap sí a bhain lena phinsean.

Dúradh le Mary, mar thoradh ar an gcolscaradh, nach raibh sí ina céile dlíthiúil níos faide agus dá bhrí sin nár cháiligh sí mar thairbhí ar Phinsean an Chéile níos mó.

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an gcás seo, fuaireamar amach gur ghá Ordú Coigeartaithe Pinsean a bheith i bhfeidhm chun go gcáileodh sí do Phinsean Céile tar éis dá hiarfhear céile bás a fháil, a dheonódh teidlíocht di ar an bpinsean sin. D'fhéadfaí Ordú mar sin a lorg ag aon am tar éis don fhoraithne colscartha a dheonú, nuair a bhí ball na scéime beo. Mar gheall gur bhásaigh iarfhear céile Mary, ní fhéadfaí Ordú Coigeartaithe Pinsean a dheonú uirthi go cúlghabhálach.

Ar an drochuair, ní raibh Oifig an Ombudsman Pinsean in ann aon sásamh a bhronnadh ná a threorú go n-íocfaí aon sochar le Mary. Le go mbeadh Pinsean Céile iníoctha le Mary, theastódh athrú a dhéanamh le rialacha na scéime agus bheadh gá le gabháil treise ar reachtaíocht faoi Achtanna um an Dlí Teaghlaigh, agus níl an t-údarás againn le ceachtar díobh sin a dhéanamh.

## Cás 4 – Ranníocaíochtaí Breise Deonacha

Is minic an cás nach léiríonn torthaí ar phinsean bhall scéime torthaí an chiste bhunúsaigh mar a fhógraíonn soláthraí na scéime.  D'fhéadfadh roinnt cúiseanna a bheith leis seo, an cúis is coitianta go mbíonn táillí, costais agus costais choimisiúin ar chiste an bhaill aonair a laghdaíonn an toradh iomlán.

Ball iarchurtha de scéim sochar sainithe ba ea Michelle.   Chomh maith lena teidlíochta le sochair príomhscéime, rinne sí ranníocaíocht shuntasach Ranníocaíochtaí Breise Deonacha (AVCanna). Tráth a ndeachaigh sí ar scor, fuair sí meastachán maidir le luach a AVCanna.  Ní raibh sí sásta leis an leibhéal toraidh a luadh sa mheastachán agus rinne sí fiosrúcháin maidir leis an luach le soláthraí an AVC.

Ba é an freagra tosaigh a fuair sí ón soláthraí go raibh an leibhéal toraidh íseal mar gheall ar tháillí agus costais. Ní raibh Michelle sásta le freagra an tsoláthraí mar gur thug sé le fios leibhéil iomarcacha táillí agus costais.

Lean Michelle lena comhfhreagras lena soláthraí AVC ar feadh roinnt blianta mar iarracht lena fháil amach cén fáth a raibh leibhéal a AVCanna chomh híseal.   Ar deireadh, fuair an soláthraí amach gur tugadh ráitis shocair do Michelle ina ndearnadh áibhéil ar a leibhéal ranníocaíochta agus bhí an leibhéal íseal toraidh mar gheall ar an leibhéal ranníocaíochtaí a d'íoc sí.

Tar éis an chúis le leibhéal íseal chiste Michelle a aimsiú, bhí an soláthraí AVC sásta a sochar AVC a íoc le héifeacht ó dháta timpeall dhá bhliain tar éis an dáta a d'imigh Michelle ar scor. Theastaigh ó Michelle go ndéanfaí siardhátú ar a sochar go dtí an dáta a d'imigh sí ar scor.

Fuarthas amach san imscrúdú a rinneadh i m'Oifig go raibh an locht ar fad ar an soláthraí AVC as an bhfaisnéis mhícheart a thabhairt maidir le ráitis shochair Michelle agus gur thug Michelle dóthain faisnéise ina céad chumarsáid leis an soláthraí tráth a ndeachaigh sí ar scor le go bhfaigheadh an soláthraí cúis na faidhbe.   Threoraigh mé gur cheart don soláthraí sochar AVC Michelle a shiardhátú go dtí an dáta a ndeachaigh sí ar scor.

## Cás 5 – Tionchar a bhíonn ag briseadh i Seirbhís Fostaíochta sa tSeirbhís Phoiblí

Bhí James ina bhall ar seirbhís den Gharda Síochána, agus ina bhall dá scéim pinsin nuair a ghlac sé le post leis na Náisiúin Aontaithe (UN) i 1993.  Níorbh aistriú fostaíochta aitheanta a bhí anseo, agus níor tugadh cead neamhláithreachta dó ach oiread le dul ar dualgas leis an UN.  B'éigean do James éirí as an nGarda Síochána le glacadh le post sa UN i 1993.

Nuair a chríochnaigh sé a sheal dualgais in 2006, chuaigh James ar ais sa Gharda Síochána agus tugadh cead dó an tseirbhís leis an UN a chomhaireamh faoin scéim pinsin, faoi réir na ranníocaíochtaí cuí a íoc. Ní hionann é seo agus a rá gur caitheadh leis amhail is nár imigh sé ón tseirbhís riamh. Mar gheall ar an mbriseadh soiléir seirbhíse, caitheadh leis mar “iontrálaí nua” don fhostaíocht agus don scéim pinsin nuair a chuaigh sé isteach sa tseirbhís arís.

Roimh a 50ú breithlá, rinne James iarratas ar dhul ar scor óna sheirbhís sa Gharda Síochána agus ón scéim pinsean. Dúradh leis, faoi théarmaí athbhreithnithe a bhain nuair a tháinig sé ar ais sa tseirbhís in 2006, nárbh é a 50ú breithlá a ghnáthlá scoir a thuilleadh, ach a 55ú breithlá.

Leagtar amach na téarmaí pinsin athbhreithnithe dá dtagraítear faoin Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004, ina luaitear:- *"A person who is appointed as a new entrant to the Garda Siochana on or after 1 April 2004 shall cease to be a member (a) on attaining the age of 55 years"*

Bhain eisceachtaí faoin Acht le Gardaí a bhí ar chead neamhláithreachta. Ach, níor tugadh cead neamhláithreachta do James le dul ar dhualgas leis an UN:- b’éigean do James éirí as an nGarda Síochána i 1993 le glacadh le post sa UN. Nuair a chuaigh sé ar ais sa Gharda Síochána arís in 2006, rangaíodh é mar iontrálaí nua agus bhain forálacha an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004 leis.

Chinneamar gur cuireadh rialacha na scéime agus na rialacháin ábhartha i bhfeidhm i gceart ar James agus, mar thoradh ar a bhriseadh seirbhíse nach raibh sé i dteideal dul ar scor ag 50 bliain d’aois faoi Scéim Pinsin an Gharda Síochána.

## Cás 6 – Íocaíocht dheireanach agus Neamhíocaíocht ranníocaíochtaí scéim pinsin

Rinne Greg teagmháil le m’Oifig ag léiriú imní faoin tionchar ar a chiste pinsin ar ranníocaíochta scéim pinsin deireanach agus neamhíocaíocht. In 2013, fuair sé cóip de Thuarascáil Bhliantúil na scéime pinsin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012, inar léiríodh nár cuireadh roinnt de na ranníocaíochtaí míosúla dlite sa bhliain sin isteach lena n-infheistiú sna hamfhrámaí reachtúla arna leagan amach faoi Acht na bPinsean 1990. Níor liostaíodh aon ranníocaíocht íoctha sa tuarascáil i ndáil le mí Iúil 2012 agus thuig Greg nár íocadh ranníocaíocht na míosa sin leis an scéim.

Roimh theacht chuig m’Oifig, chuir Greg an cheist faoi bhráid na nIontaobhaithe agus fuair sé cinneadh uathu faoin nós imeachta um Réiteach Díospóide Inmheánach (IDR).

Dúradh anseo go ndearna siad athbhreithniú ar an bpátrún íocaíochta i ranníocaíochtaí Greg ó tháinig sé isteach sa scéim agus aimsíodh gur chaill sé timpeall €135, mar gheall ar íocaíochtaí a raibh moill orthu. Dúirt siad gur iarr siad ar an bhfostóir go foirmiúil an t-easnamh a shocrú. Ní dhearna na hIontaobhaithe aon trácht ar an gceist a bhain leis an ranníocaíocht a bhí in easnamh do mhí Iúil 2012.

Nuair nár tháinig an socrú ón bhfostóir agus nach bhfuair Greg aon chomhairle breise maidir le ranníocaíocht Iúil 2012, chuir sé an cheist faoi bhráid m'Oifige.

Nuair a rinneamar scrúdú ar a aighneacht agus nuair a labhraíomar leis na hIontaobhaithe, bhíomar in ann a mhíniú do Greg:-

(a) Gurbh iad na ranníocaíochtaí a liostaíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2012 na ranníocaíochtaí nár íocadh laistigh den amfhráma reachtúil. Ní raibh ranníocaíocht Iúil 2012 ar an liosta mar gur íocadh in am í.

(b) Tar éis a fháil amach go raibh easnamh i dtaobh Greg, choimisiúnaigh an fostóir athbhreithniú ar an scéim ar fad chun an tionchar a bhí ag an ranníocaíocht mhoillithe ar bhaill ar fad na scéime.

(c) Cé go bhfuarthas tiomantas ón bhfostóir chun aon easnaimh a tháinig chun solais a shocrú, chaithfí fanacht ar thoradh an athbhreithnithe sin chun an socrú sin a fháil.

Tá áthas orm a thuairisciú gur cuireadh an t-athbhreithniú i gcrích go gairid ina dhiaidh sin agus gur socraíodh an t-easnamh i scéim Greg agus na heasnaimh do bhaill eile na scéime.

# OIFIG AN OMBUDSMAN PINSEAN
# TUARASCÁIL
# BHLIANTÚIL 2014

## CUID 4

## CUNTAIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

Clár Ábhar

Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ráiteas Freagrachtaí an Ombudsman Pinsean

Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach

Ráiteas maidir le Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta

Clár Comhardaithe

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**le cur i láthair Thithe an Oireachtais**

**Oifig an Ombudsman Pinsean**

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Oifig an Ombudsman Pinsean don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 faoi Acht na bPinsean 1990, arna leasú. Tá an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais iomlána aitheanta, an clár comhardaithe agus na nótaí lena mbaineann sna ráitis airgeadais a réitíodh faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach iontu. Réitíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 143 den Acht, arna leasú agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

**Freagrachtaí an Ombudsman Pinsean**

Tá an tOmbudsman Pinsean freagrach as na ráitis airgeadais a réiteach, as cinntiú go dtugtar amharc fíor agus cóir iontu ar staid cúrsaí na hOifige agus a ioncam agus caiteachais, agus as cinntiú go mbíonn idirbhearta rialta.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Tá sé de fhreagracht ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhmithe.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus feidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (an RA agus Éire) agus de réir Chaighdeáin Eiticiúil d'Iniúchóirí an Bhoird Chleachtais Iniúchta.

**Scóip Iniúchadh na Ráiteas Airgeadais**

Is é a bhaineann le hiniúchadh, fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, atá leordhóthanach chun rathúnas réasúnta a thabhairt nach bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh sin tí chalaois nó earráid.

Áirítear anseo an measúnú ar

- an bhfuil na beartais chuntasaíochta ábhartha do chúinsí Oifig an Ombudsman Pinsean, agus ar uireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad

réasúntacht na dtoimhdí cuntasaíochta suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á réiteach, agus

cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht chomh maith fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta.

**Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais**

I mo thuairim, tugtar amharc fíor agus cóir ar staid cúrsaí Oifig an Ombudsman Pinsean an 31 Nollaig 2014 agus ar a ioncam agus caiteachais do 2014 sna ráitis airgeadais, a réitíodh i gceart de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

I mo thuairim, choinnigh an Oifig leabhair chuntais chuí. Aontaíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

**Cúrsaí a Déanaim Tuairisciú trí Eisceacht orthu**

Déanaim tuairisciú trí eisceacht

mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó

má tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon chás ábhartha nár cuireadh airgead i bhfeidhm chun na críocha a bhí i gceist nó i gcás nár chloígh idirbhearta leis na húdaráis a bhí á rialú, nó

mura léirítear sa Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach comhlíonadh na hOifige leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó

má mheasaim go bhfuil aon cheisteanna ábhartha eile a bhaineann leis an gcaoi go ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na ceisteanna sin a bhaineann le tuairisciú trí eisceacht.

**Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**21 Bealtaine 2015**

# Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Ombudsman Pinsean

Tá an tOmbudsman Pinsean freagrach as ráiteas airgeadais a ullmhú de réir Alt 143(1) d'Acht na bPinsean, 1990 arna chur isteach ag Alt 5 den Acht Pinsean (Leasú) 2002, i bhfoirm a bheadh faofa ag an Aire Coimirce Sóisialaí tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais. In ullmhú na ráitis airgeadais seo, éilítear ar an Ombudsman:

Beartais cuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.

Cinntí agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.

A rá cibé acu ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon difriú ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, seachas más míchuí a réamh-mheas go leanfaidh an Oifig ag feidhmiú.

Tá an tOmbudsman freagrach ag leabhair chuí cuntais a choinneáil, a léiríonn go fíor cothrom ag am ar bith staid airgeadais na hOifige agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag cloí le hAlt 143(1) den Acht.

Tá an tOmbudsman freagrach freisin as sócmhainní na hOifige a shlánchoimeád agus as bearta réasúnta a ghlacadh d'fhonn calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.



**Paul Kenny**
**Pensions Ombudsman**

18 Bealtaine 2015

# Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

## Freagracht as an gCóras um Rialú Airgeadais Inmheánach

Oifig bheag is ea Oifig an Ombudsman Pinsean inarbh ionann costais foirne agus seachfhoinsithe in 2014 agus 66% den chaiteachas iomlán.

Mar Ombudsman na bPinsean, tá sé de fhreagracht orm a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas um rialú inmheánach éifeachtach. Féadfaidh aon chóras mar sin ráthaíocht réasúnach, ach ní iomlán, a thabhairt go bhfuil idirbhearta deimhnithe, údaraithe agus taifeadta i gceart, go bhfuil sócmhainní cosanta agus go gcoisctear nó go mbraitear ar bhonn tráthúil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha.

Déanann gach duine san Oifig seo iarracht a chinntiú go bhfuil córas láidir um rialú airgeadais i bhfeidhm. Cuirtear faisnéis maidir le caiteachas ar fáil go rialta don bhainistíocht agus tá nósanna imeachta riaracháin trédhearcacha i bhfeidhm, lena n-áirítear scaradh dualgas trí chóras tarmligin soiléir.

Áirítear na nósanna imeachta seo a leanas sa chóras um rialú airgeadais:

- Cuirtear meastachán bliantúil ar riachtanais airgeadais ar fáil don Roinn Coimirce Sóisialaí a mhaoiníonn an Oifig.
- Nuair a aontaítear buiséad don bhliain, réitítear próifíl mhíosúil chaiteachais.
- Taifeadann an Oifig seo an caiteachas ar fad ar chóras cuntasaíochta mhórleabhar ginearálta na Roinne. Réitíonn brainse cuntas a Roinne tuairisc um chaiteachas míosúil agus cuirtear isteach chuig an Oifig é, áit a seiceáiltear agus a réitítear é in aghaidh na dtaifead atá san Oifig.
- Réitítear agus scaiptear ráiteas míosúil caiteachais ina ndéantar comparáid idir an caiteachas iarbhír agus meastacháin ar bhaill foirne agus déanaim féin athbhreithniú air.
- Cuirtear tuarascáil ar fáil don Roinn dhá uair sa bhliain ina ndéantar comparáid idir caiteachas measta agus iarbhír.
- Tá scaradh dualgais i bhfeidhm idir deimhniú, údarú agus déanamh íocaíochtaí.
- Déanann an Roinn gach íocaíocht phá (agus aon ríomh lena mbaineann) agus neamhphá.
- Réitíonn cuideachta iniúchta neamhspleách na dréacht-chuntais bhliantúla sula gcuirtear isteach chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- Feidhmíonn feidhm iniúchta inmheánach san Oifig, mar aon le nósanna imeachta airgeadais cáipéisithe agus mórleabhar mionairgid.

Ina theannta sin, tá feidhm iniúchta inmheánach ar fáil laistigh den Roinn Coimirce Sóisialaí. Clúdóidh aon iniúchadh ar fheidhm phá Rannach an chuid is mó de chaiteachas na hOifige seo. Déantar monatóireacht um rialú párolla ar bhonn míosúil.

Deimhním go ndearna mé athbhreithniú ar chóras um rialú inmheánach airgeadais na hOifige i rith na bliana 2014.

Paul Kenny, Pensions Ombudsman

18 May 2015

# Oifig an Ombudsman Pinsean
## Ráitis Airgeadais don
## Bhliain dar críoch an 31 Nollaig

Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta

1. Bunús an Ullmhaithe

Réitítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, seachas mar a leagtar amach thíos, de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta faoi choinbhinsean na gcostas stairiúil agus cloítear le caighdeáin tuairiscithe airgeadais infheidhmithe agus le riachtanais alt 143 d'Acht na bPinsean, 1990 (arna chur isteach le hAlt 5 d'Acht na bPinsean (Leasú) 2002).

2. Aithint Ioncaim

Léiríonn Deontas Oireachtais na híocaíochtaí iomlána a dhéanann an Roinn Coimirce Sóisialaí thar ceann na hOifige, i mbliain an chuntais. Tugtar ioncam eile a bhaineann go príomha le bronnadh cúirte costais dlíthiúla i bhfabhar Oifig an Ombudsman Pinsean chuig an gcuntas ar bhonn fáltais airgid.

3. Pinsin

Tá fostaithe Ombudsman na bPinsean, de bhrí gur Státseirbhísigh iad, clúdaithe ag socruithe pinsin na Státseirbhíse. Tugadh isteach scéim aoisliúntais sochair shainithe d'Ombudsman na bPinsean in 2007 le héifeacht ó 2006. Maoinítear an scéim go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ón airgeadh atá ar fáil di, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Coimirce Sóisialaí ar fáil.

Tomhaistear dliteanais na scéime pinsin ar bhonn achtúireach tríd an modh aonaid tuartha a úsáid.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuileann an tOmbudsman sa tréimhse agus taispeántar iad glan dá ranníocaíochtaí pinsin a choinníonn an Roinn Coimirce Sóisialaí. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn leis an táille phinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus arna sheach-chur le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ó athruithe i dtoimhdí achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh thaithí sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Coimirce Sóisialaí

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí a thuill an tOmbudsman go dáta. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an sócmhainn chomhfhreagrach le haisghabháil sna tréimhsí amach anseo ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ar a gcostas nó luacháil lúide dímheas carntha. Foráiltear do dhímheas ar bhonn líne dhírí ag rátaí a mheastar chun an sócmhainn a laghdú chuig a luachanna inréadaithe faoi dheireadh a saolta úsáideacha tuartha mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| IT, Crua-earraí, Bogearraí agus Trealamh Oifige | 20% Líne Dhíreach |
| Troscán agus Feistis | 10% Líne Dhíreach |

5. Cuntas Caipitiúil

Léiríonn an Cuntas Caipitiúil luach neamh-amúchta an ioncaim a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh caiteachais chaipitiúla.

6. Ráiteas Sreabhadh Airgid

Ní chuirtear aon Ráiteas Sreabhadh Airgid i láthair de réir na díolúintí a bhronntar in FRS 1.

Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014

| | Nótaí | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | € | € |
| Deontas ón Oireachtas | 1 | 934,861 | 974,225 |
| Lúide Ranníocaíochtaí Aoisliúntais arna Aisíoc | 8a | (6,476) | (6,909) |
| Glandeontas ón Oireachtas | | | 928,385 |
| 967,316 | | | |
| Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin | 8c | 47,000 | 46,000 |
| Aistriú ón gCuntas Caipitiúil | 6 | 4,018 | 6,616 |
| Ioncam Eile | 2 | 63,837 | |
| Lúide Ioncam Eile arna Loghadh | 2 | (63,837) | |
| Ioncam Iomlán | | 979,403 | 1,019,932 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Foirne | 3 | 574,505 | 676,625 |
| Riarachán | 4 | 409,445 | 327,668 |
| Táille Iniúchta | | 8,000 | 7,700 |
| Dímheas | 5 | 7,266 | 6,616 |
| Caiteachas Iomlán | | 999,216 | 1,018,609 |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | | (19,813) | 1,323 |
| Easnamh ar an 1 Eanáir | | (7, 186) | (8,509) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | | (26,999} | (7,186) |

Tá an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíocht agus na Nótaí 1 go 10 ina slánchuid de na ráitis airgeadais seo.

**Paul Kenny**
**Pensions Ombudsman**
Dáta 18 Bealtaine 2015


Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig

## Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014

| | Nótaí | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | | (19,813) | 1,323 |
| Gnóthachain taithí ar dhliteanais scéime pinsin | 8d | 26,000 | 25,000 |
| Athruithe i dtoimhdí atá mar bhonn agus taca le dhliteanais na scéime pinsin | | | |
| Gnóthachain achtúireacha ar Dhliteanais Phinsin | | 26,000 | 25,000 |
| Coigeartú le Maoiniú Pinsin Iarchurtha | 8b | (26,000) | (25,000) |
| Gnóthachain/(Caillteanais) Aitheanta Iomlán don bhliain | | (19,813) | 1,323 |

Tá an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíocht agus na Nótaí 1 go 10 ina slánchuid de na ráitis airgeadais seo.



Date 18 May 2015

Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014

## Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2014

| Sócmhainní Seasta | Nóta | 2014 | | 2013 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 5 | | 8,253 | | 12,271 |
| Sócmhainní Reatha | | | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 7 | 9,353 | | 10,481 | |
| Banc agus Airgead tirim | | 261 | | 38 | |
| | | 9,614 | | 10,519 | |
| Dliteanais Reatha | | | | | |
| Creidiúnaithe | | 24,665 | | 6,377 | |
| Fabhruithe | | 11,948 | | 11,328 | |
| | | 36,613 | | 17,705 | |
| Glandliteanais Reatha | | | (26,999) | | (7, 186) |
| Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha | | | (18,746) | | 5,085 |
| Maoiniú Pinsin Iarchurtha | 8c | | 336,000 | | 315,00 |
| Dliteanas Pinsin | 8b | | (336,000) | | (315,000) |
| Glan (Dliteanais)/Sócmhainní | | | (18,746) | | 5,085 |
| Arna mhaoiniú ag | | | | | |
| Cuntas Caipitiúil | 6 | | 8,253 | | 12,271 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | (26,999) | | (7,186) |
| | | | (18,746) | | 5,085 |

Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig

Tá an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíocht agus na Nótaí 1 go 10 ina slánchuid de na ráitis airgeadais seo.



**Paul Kenny**
**Pensions Ombudsman**
Dáta 18 Bealtaine 2015

Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1 Deontas Oireachtais

Cuireann an Roinn Coimirce Sóisialaí, a dhéanann gach íocaíocht thar ceann na hOifige, maoiniú ar fáil d'Oifig an Ombudsman Pinsean. Is ionann an deontas iomlán agus an tsuim a thabhaítear le Cuntas Leithghabhála na Roinne sin.

2 Ioncam Eile

Baineann ioncam eile €63,837 a fuarthas in 2014 le costais dlí a bhronn na Cúirteanna i ndáil le cásanna dlí ar thug Oifig an Ombudsman Pinsean fúthu. Loghadh an t-ioncam seo go hiomlán leis an Roinn Coimirce Sóisialaí mar Leithreasaí-i-gCabhair in 2014. Ní raibh aon ioncam den chineál seo in 2013.

3 (a) Costais Foirne

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Pá agus Tuarastail | | 511,333 | 632,842 |
| Costais iasachta foirne | | 18,042 | |
| Taisteal | | 4,606 | 4,692 |
| Costais Phinsin | 8(a) | 40,524 | 39,091 |
| Iomlán | | 574,505 | 676,625 |

Asbhaineadh €32,893 (2013: €43,176) ar an iomlán ó thuarastail foirne trí asbhaint a bhaineann le pinsean agus arna choinneáil ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

I rith an chuid is déanaí de 2014, tugadh beirt fhostaithe ar iasacht chuig Oifig an Ombudsman Pinsean ó Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais.

(b) Líon Fostaithe

Seo a leanas comhdhéanamh an mheánlíon fostaithe i rith na tréimhse

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| Ombudsman | 1 | 1 |
| Foireann Riaracháin | 7 | 8 |
| | 8 | 9 |

(c) Tuarastal an Ombudsman

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastal | 112,535 | 119,185 |

Ní bhfuair an tOmbudsman bónas a bhain le feidhmíocht agus ní théann a theidlíochtaí pinsin níos faide ná múnla scéim na státseirbhíse.

| 4 Costais Riaracháin | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costais Ghinearálta | 12,643 | 12,45 |
| Seachfhoinsiú tacaíochta imscrúdaithe | 85,185 | 48,99 |
| Postas agus Teileachumarsáid | 10,137 | 21,05 |
| Priontáil agus Stáiseanóireacht | 12,210 | 35,57 |
| IT/Innealra Oifige (Neamh-shócmhainne) | 14,176 | 1,73 |
| Cothabháil | 18,765 | 26,61 |
| Fógraíocht/Seimineáir/Foilseacháin | 20,641 | 29,60 |
| Táillí Dlí | 235,688 | 151,62 |
| | 409,445 | 327,668 |

Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig

5 Sócmhainní Seasta

| | IT Crua-earraí Bogearraí & Trealamh Oifige | Troscán agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Sócmhainní ag Costas** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014 | 117,000 | 152,714 | 269.714 |
| Breiseanna | 3,248 | | 3,248 |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2014 | 120,248 | 152,714 | 272,96 |
| **Dímheas** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014 | (113,084) | (144,359) | (257.443) |
| Táille don bhliain | (2,608) | (4,658) | (7,266) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2014 | (115,692) | (149,017) | (264,709) |
| **Glanluach Leabhair** | | | |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2014 | 4,556 | 3,697 | 8,253 |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2013 | 3,916 | 8,355 | 12,271 |

6 Cuntas Caipitiúil

| | € | € |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014 | | 12,271 |
| Ceannachán Sócmhainní Seasta | 3,248 | |
| Amúchadh de réir Dímheasa | (7,266) | |
| Aistriú chuig Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | (4,018) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2014 | | 8,253 |

7 Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí

| | 2014 € | 2013 € |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe | | 92 |
| Réamhíocaíochtaí | 9,353 | 10,389 |
| | 9,353 | 10,481 |

8 Pinsin

a) Anailís ar chostais phinsin iomlána gearrtha ar

| | 2014 € | 2013 € |
|---|---|---|
| Costas Reatha Seirbhíse | 30,000 | 30,00 |
| Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsin | 17,000 | 16,00 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | (6,476) | (6,909) |
| Cistí in-aisghabhála i ndáil le costais phinsin sa bhliain reatha | 40,524 | 39,091 |

b) Gluaiseacht i nglandliteanas pinsin i rith na bliana

| | 2014 € | 2013 € |
|---|---|---|
| Glan-Dliteanas Pinsin an 1 Eanáir | 315,000 | 294,00 |
| Costas Reatha Seirbhíse | 30,000 | 30,00 |
| Iar-chostas Seirbhíse | | |
| Costas Úis | 17,000 | 16,00 |
| (Gnóthachan)/Caillteanas Achtúireach | (26,000) | (25,000) |
| Pinsin arna íoc sa bhliain | | |
| Glan-Dliteanas Pinsin an 31 Nollaig | 336,000 | 315,000 |

c) Sócmhainní Maoinithe Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn Oifig an Ombudsman Pinsean an mhéid seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn leis an dliteanas neamh-mhaoinithe iarchurtha do phinsin ar bhonn na dtoimhdí leagtha amach a ndéantar cur síos orthu ag (e) agus roinnt imeachtaí stairiúla. Áirítear leis na himeachtaí seo an bunús reachtúil chun scéim phinsin a bhunú agus an beartas agus cleachtas i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le pinsin sa tseirbhís phoiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastacháin bhliantúil.

Níl aon fhianaise ag Oifig an Ombudsman Pinsean nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ar aghaidh chun na suimeanna seo a shásamh de réir an chleachtais reatha.

Seo a leanas an glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin arna aithint sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2014 € | 2013 € |
|---|---|---|
| Maoiniú in-aisghabhála i ndáil le costais phinsin sa bhliain reatha | 47,000 | 46,000 |
| Deontas Stáit curtha i bhfeidhm chun pinsinéirí a íoc | | |
| | 47,000 | 46,000 |

B'ionann an sócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2014 agus €336,000 (2013: €315,000).

d) Stair Dhliteanais na Scéime agus caillteanais/(gnóthachain) taithí

| | 2014 € | 2013 € | 2012 € | 2011 € | 2010 € |
|---|---|---|---|---|---|
| Dliteanas Scéime | 336,000 | 315,000 | 294,000 | 259,000 | 226,000 |
| (Gnóthachain)/caillteanas dhliteanais scéime | (26,000) | (25,000) | 9,000 | (8,000) | (25,000 |
| Céatadán luach reatha dhliteanais na scéime | -8% | -8% | -3% | -3% | -11% |

8 Pinsin (ar lean)

e) Cur síos Ginearálta ar an Scéim

Socrú pinsin um shochar sainithe deiridh is ea an scéim phinsin le sochair agus ranníocaíochta sainmhínithe trí thagairt do rialacháin scéime “mhúnla” reatha na hearnála poiblí. Tugann an scéim pinsean (aon ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéilí agus leanaí. Is é an gnáthaois scoir 65ú breithlá baill, agus tá daoine a bhí ina mbaill roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60. Is iondúil go méadaíonn pinsin atá á n-íoc (agus á gcur siar) de réir bhoilsciú tuarastail ginearálta na hearnála poiblí.

Bunaíodh an luacháil a úsáidtear do nochtaí FRS17 (Athbhreithnithe) ar an luacháil achtúireach a dhéanann achtúire neamhspleách cháilithe ag tabhairt riachtanais FRS san áireamh d’fhonn measúnú a dhéanamh ar dhliteanais scéime amhail an 31 Nollaig 2014.

Seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:

| | 2014 | 201 |
|---|---|---|
| Ráta méadú i dtuarastail | 4% | 4% |
| Ráta méadú i bpinsean á n-íoc | 4% | 4% |
| Ráta Lascaine | 5.50% | 5.50 |
| Ráta Boilscithe | 2% | 2% |

Ceadaíonn an bunús básmhaireachta a nglactar leis d'fheabhsúcháin in ionchas saoil thar am, ionas go mbraithfidh ionchas saoil tráth scoir ar an mbliain ina sroicheann an ball aois scoir (aois 65). Léirítear sa tábla thíos ionchas saoil do bhaill a shroicheann 65 in 2013 agus 2014.

| Blianta sroichte aois 65 | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - fireann | 87 | 87 |
| Ionchas saoil - baineann | 90 | 90 |

9 Áitreabh

Léasaíonn agus íocann Oifig na nOibreacha Poiblí an chóiríocht ina bhfuil Oifig an Ombudsman Pinsean ag 36 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. Faoi láthair, íocann an OPW cíos bliantúil €200,000. Níl aon táille ar Oifig an Ombudsman Pinsean i ndáil leis an gcóiríocht seo.

Tá an Oifig chun aistriú chuig áitreabh nua ag Teach Lincoln, Plás Lincoln, Baile Átha Cliath 2, mar chuid den chónascadh pleanáilte le Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais.

10 Cónascadh le Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais

Mar chuid de Chlár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, áiríodh Oifig an Ombudsman Pinsean ar liosta athbhreithnithe criticiúil a d’fhéadfaí a chónascadh. Ghlac an Rialtas cinneadh in Aibreán 2013 chun Oifig an Ombudsman Pinsean a chónascadh le Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais. Níor tosaíodh go fóill an reachtaíocht bheartaithe chun feidhm a thabhairt don chónascadh. Táthar ag súil go gcríochnófar an cónascadh agus athlonnú Oifig an Ombudsman Pinsean faoi dheireadh 2015.

Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig